Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití 2024–26

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Dearadh Tionsclaíoch
Dearadh Táirgí
Cumarsáid Amhairc
Comhéadan Úsáideora (UI)
Taithí Úsáideora (UX)
Dearadh Idirghníomhaíochta
Dearadh Seirbhíse
Dearadh Straitéiseach
Cluichí Digiteacha
Fógraíocht
Gníomhaireachtaí Branda
Réaltacht Bhreisithe
Réaltacht Fhíorúil
Réaltacht Mheasctha

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá | 03 |
| 01 | Comhthéacs | 09 |
| 02 | Tosaíochtaí don Seachadadh | 27 |
| 2.1 | Daoine Cruthaitheacha | 30 |
| 2.2 | Scileanna Cruthaitheachta | 32 |
| 2.3 | Gnólachtaí Cruthaitheachta | 34 |
| 2.4 | Nuálaíocht agus Cruthú Eolais | 38 |
| 2.5 | Spásanna Cruthaitheacha | 42 |
| 2.6 | Éire sa Mhargadh Idirnáisiúnta | 44 |
| 03 | Cur i bhFeidhm agus Rialachas | 47 |
| | Tagairtí | 51 |

# Réamhrá

Aithnítear i gClár an Rialtais an deis gheilleagrach shuntasach atá ann chun leas a bhaint as an acmhainneacht laistigh de thionscail na cruthaitheachta digití. Ag cur le hobair an *Phlean Gníomhaíochta Closamhairc*[1], is é atá mar sprioc leis an Treochlár seo luach breise a chur ar fáil chun ceannaire domhanda a dhéanamh d'Éirinn chun tacú le rathúlacht tráchtála agus fás onnmhairithe ar fud earnálacha an deartha, cluichí digiteacha agus i gcomhthéacs níos leithne sna hearnálacha a chruthaíonn ábhar, chomh maith le haitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leo ó thaobh an gheilleagair de.

Go ginearálta, is ionann tionscail na cruthaitheachta agus na tionscail sin a bhaineann úsáid as cruthaitheacht mar bhealach le rathúlacht tráchtála agus fostaíocht a sheachadadh. Ag teacht le rangú an AE maidir le gníomhaíocht thionsclaíoch[2] agus laistigh d'eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, glactar leis go gcuimsíonn na tionscail seo raon leathan d'earnálacha, lena n-áirítear, fógraíocht, dearadh, bogearraí agus cluichí digiteacha, an earnáil closamhairc, foilsitheoireacht agus preas, ailtireacht, ceol, faisean, na healaíona níos leithne, leabharlanna agus an oidhreacht chultúrtha.

Ag cur leis an dul chun cinn atá déanta ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc, dírítear sa Treochlár seo ar fho-earnálacha i dtionscal na cruthaitheachta digití maidir le dearadh, cluichí digiteacha agus cruthú ábhair níos leithne.

## Sprioc-earnálacha don Treochlár seo

— **Na hearnálacha deartha,** lena n-áirítear dearadh tionsclaíoch, dearadh táirgí, cumarsáid amhairc, Ui/Ux (Comhéadan úsáideora/Taithí úsáideora) agus dearadh idirghníomhaíochta, dearadh seirbhíse agus dearadh straitéiseach;

— **Earnáil na gcluichí digiteacha**; agus

— **Na hearnálacha cruthaithe ábhair,** lena n-áirítear, gníomhaireachtaí fógraíochta agus branda, ábhar amhairc agus ábhar closamhairc do na meáin shóisialta tráchtála, ábhar ilmheán le haghaidh feidhmchláir na nguthán póca ('aipeanna'), agus ábhar d'ardáin níos nuaí agus d'ardáin atá ag teacht chun cinn ar nós AR/VR/MR (Réaltacht Bhreisithe / Réaltacht Fhíorúil / Réaltacht Mheasctha).





Tugtar breac-chuntas i gCuid 1, Comhthéacs, ar thaighde de chuid na hÉireann agus ar thaighde idirnáisiúnta a d'aithin earnálacha den sórt sin mar phríomhthiománaithe d'fhás inbhuanaithe agus d'fhostaíocht a chiallóidh teacht aniar sa gheilleagar amach anseo. Tá sé chomh soiléir céanna go bhfuil tuilleadh buntáistí ag baint le tionscail na cruthaitheachta digití seo a bhfuiltear ag díriú orthu mar go spreagann siad an nuálaíocht, ní hamháin i gcás na soláthróirí sa tionscal réamhtheachtach, ach chomh maith leis sin i gcás na gcliant agus na daoine a úsáideann na táirgí nuálacha agus na seirbhísí cruthaitheacha sa tionscal iartheachtach. Go deimhin, tá aitheantas tugtha ag an Rialtas don tábhacht shuntasach a bhaineann le dearadh ar ardchaighdeán leis an *bPlean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh, a sholáthraíonn creat feidhmithe chun 'Seirbhísí Poiblí a Dhearadh'* [3].

Leagtar amach sa chuid seo freisin an comhthéacs Eorpach níos leithne maidir leis an gcur chuige seo, áit a bhfuil tionscail na cruthaitheachta digití cheana féin ag tabhairt spreagadh ríthábhachtach don fhás geilleagrach san Eoraip agus é á thuar go bhfuil tuilleadh fáis i ndán dóibh. Ag leibhéal Eorpach, aithnítear gur fiú infheistíocht a dhéanamh i dtionscail na cruthaitheachta agus tá creataí beartais agus infheistíochta an AE forbartha chun leas a bhaint as acmhainneacht na dtionscal cruthaitheachta ó thaobh feabhas a chur ar chruthú fostaíochta, ar an nuálaíocht agus ar an iomaíochas domhanda san Eoraip. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar an gcur chuige a ghlacfar chun tacú leis na hearnálacha seo, agus spreagadh á fháil ón rath a bhí ar an gcur chuige dírithe agus comhtháite a ghlac ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Rialtais maidir leis an earnáil closamhairc.

Leagtar amach i gCuid 1 freisin an bealach suntasach a bhfuil uaillmhianta na hÉireann, ó thaobh beartais náisiúnta agus beartais réigiúnacha, ag teacht le cuspóirí an AE. Tá bunchlocha láidre i bhfeidhm in Éirinn ó thaobh beartais agus straitéisí infheistíochta ionas go mbeidh tionscail na cruthaitheachta digití in ann forbairt, idir an obair ar na scileanna cruthaitheacha, an Plean Náisiúnta Fáis do FBManna agus don Fhiontraíocht, uaillmhian na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnach, chomh maith le haitheantas a bheith á thabhairt don bhuntáiste comparáideach a thugann tionscail na cruthaitheachta d'Éirinn.

Aithnítear i gCuid 2 na Tosaíochtaí ó thaobh Seachadadh sna réimsí amhail Daoine, Scileanna, Tacaíochtaí Gnó, Nuálaíocht agus Idirnáisiúnú.



Ionsamhlóir Rásaíochta
*Íomhá: Gerd Hülsmann*

Glacfaidh an Treochlár agus é ag obair ar fud an Rialtais agus i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, cur chuige comhtháite, chun aghaidh a thabhairt go príomha ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ilroinnt agus leis an éifeachtúlacht, trí na cuspóirí seo a leanas:

1. An tionscal a chumasú ionas go mbeidh guth comhchoiteann ann chun tacú le rannpháirtíocht earnála agus éascú a dhéanamh ar an dearcadh atá ag na hearnálacha i dtionscal na cruthaitheachta digití a bhíonn ag plé le honnmhairiú ó thaobh beartais agus tionscnaimh ábhartha a fhorbairt;
2. Feabhas a chur ar chomhoibriú agus treallús a chur faoi le comhpháirtithe ábhartha in earnáil an bhreisoideachais agus an ardoideachais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais agus oiliúna;
3. Ár bhfócas ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair laistigh d'earnálacha spriocdhírithe sna tionscail cruthaitheachta digití a neartú, go háirithe ag leibhéil na micrifhiontair agus na FBManna;
4. An acmhainneacht nuálaíochta atá ag tionscail na cruthaitheachta digití a bhíonn ag plé leis an onnmhairiú a threisiú;
5. Leanúint ar aghaidh ag cur leis an rath a bhí ar an gcur chuige áitbhunaithe don fhorbairt ar earnálacha spriocdhírithe i dtionscal na cruthaitheachta digití; agus
6. Feabhas a chur ar na deiseanna trádála agus onnmhairithe agus ar na naisc MNC do na hearnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu i dtionscail na cruthaitheachta digití.

Ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach, cinnteofar leis an Treochlár seo go mbeidh ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais in ann tacaíocht a thabhairt, taobh istigh de chreat iomchuí agus comhtháite, d'fhiontair dhigiteacha sa tionscal cruthaitheachta sna hearnálacha deartha, cluichí agus sa chruthú ábhar ar bhonn níos leithne, na hearnálacha siúd atá i mbun onnmhairithe.

Ar deireadh, tugtar breac-chuntas i gCuid 3, Cur i bhFeidhm agus Rialachas, ar na struchtúir trína ndéanfar na gníomhartha atá leagtha amach i gCuid 2 a sheachadadh. Is é an Grúpa um Fheidhmiú Thionscal na Cruthaitheachta Digití, atá bunaithe idir an Tionscal agus an Rialtas a bheidh freagrach as an gcur chun feidhme ina leith seo a chur chun cinn agus a thuairisceoidh don Rialtas ar bhonn bliantúil. Beidh plé éifeachtach idir an Rialtas agus an tionscal lárnach ó thaobh feidhmiú rathúil an Treochláir seo thar shaol ré trí bliana, faoi réir ag athbhreithniú ag deireadh na bliana 2024. Dá bhrí sin, bunófar Fóram Thionscal na Cruthaitheachta Digití seo chun comhroinnt faisnéise agus eolais a éascú maidir le tacaíochtaí agus deiseanna margaidh agus ar ionchur tionscail ó thaobh beartas a bhunú chun tacú le forbairt a dhéanamh ar Thionscail na Cruthaitheachta Digití ar fud fiontair, scileanna agus forbairt réigiúnach.

Scannán OffsetDublin19 le Windmill Lane
*Íomhá ó Chartlann 100*







# Comhthéacs

Cuimsíonn an dearcadh leathan maidir leis na 'Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheachta' (a dtagraítear dóibh go minic mar CCInna, nó CCS — Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta), earnálacha ón fhógraíocht agus ón dearadh, bogearraí agus cluichí digiteacha, go hearnáil an chlosamhairc, agus na hearnálacha tumthacha, an fhoilsitheoireacht, an ailtireacht, an ceol, na healaíona níos leithne, leabharlanna agus an oidhreacht chultúrtha. Eascraíonn tionscail chruthaitheachta ón earnáil chultúrtha atá faoi bhláth — a sholáthraíonn ábhar agus a chruthaíonn luach, a spreagann samhlacha nua gnó agus deiseanna nua fáis.

Tá earnálacha amhail na hearnálacha bogearraí agus na seirbhísí digiteacha, na seirbhísí teileachumarsáide agus crua-earraí, an turasóireacht, earraí leictreonacha don tomhaltóir, an déantúsaíocht agus na tionscail seirbhíse go léir ag brath ar ionchur cruthaitheach. Ar bhealach níos dírí fós, cuireann tionscail na cruthaitheachta borradh faoin iomaíochas, faoin táirgiúlacht, faoin bhfás inbhuanaithe, faoin bhfostaíocht agus faoin acmhainneacht onnmhairithe[4].

Aithníodh i dtaighde agus in anailís le gairid go mbeadh buntáiste ag baint le sainmhínithe níos spriocdhírithe[5] a bheith ann a dhéanfadh idirdhealú idir na croí-earnálacha cultúrtha amhail na healaíona, leabharlanna agus músaeim; na tionscail chultúrtha ar nós an tionscail closamhairc, an cheardaíocht, ceol taifeadta, agus an fhoilsitheoireacht; agus na hearnálacha cruthaitheachta amhail fógraíocht, dearadh agus cluichí digiteacha.

Léirítear san éileamh ar shainmhínithe níos spriocdhírithe an gá atá leis an mbailiú sonraí agus an anailís ar shonraí a neartú sna réimsí sin atá chomh tábhachtach ó thaobh fáis agus chun nuálaíocht a spreagadh. Aithnítear san ainmníocht scagtha seo freisin go bhfuil ardáin nua agus fo-earnálacha cruthaitheacha nua ag teacht chun cinn atá fite fuaite le héabhlóid agus le hacmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha.

# Cén fáth a bhfuiltear ag díriú gníomh an rialtais ar Thionscail na Cruthaitheachta Digití?

Ina iomláine, tá tionscail na cruthaitheachta ríthábhachtach cheana féin ó thaobh spreagadh a thabhairt d'fhás an gheilleagair san Eoraip, le cion níos mó ná aon earnáil cheannródaíoch eile, amhail teileachumarsáid, cógaisíocht agus tionscal na ngluaisteán[6]. Meastar gurbh ionann an cion ó thionscail na cruthaitheachta seo agus os cionn 5.5% de Gheilleagar an AE, nó €413 billiún ó thaobh breisluacha. Meastar go gcuireann tionscail chruthaitheachta na hÉireann 3.73% lenár nOll-Bhreisluach. Tá sé seo faoi bhun mheán an AE de 5.54% a chiallaíonn go bhfuil deiseanna ann chun cur le cion geilleagrach thionscail chruthaitheachta na hÉireann[7].

Tá ról lárnach ag na tionscail chruthaitheachta ó thaobh aththionsclú a dhéanamh ar an Eoraip[8]. Is catalaíoch don nuálaíocht iad na tionscail seo; bíonn cineálacha nuálacha maidir le cur chuige á éileamh ó na soláthróirí (réamhtheachtach), a chumasaíonn nuálaíocht sna cliaint agus sna custaiméirí (iartheachtacha)[9], agus tacú le próisis, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt; chomh maith lena monarú agus lena margaíocht[10].

I dtéarmaí níos leithne, aithnítear go bhféadfadh na tionscail chruthaitheachta a bheith ina mealltóirí tábhachtacha do thallann, do chuairteoirí agus do shaoránaigh, agus tá go leor trasnála idir iad agus cuid mhaith de na hearnálacha eolasbhunaithe, mar shampla ICT go seirbhísí leighis go turasóireacht, rud a chuireann borradh faoin nuálaíocht trasearnála agus faoin bhforbairt áitiúil[11].

Tá na tionscail chruthaitheachta mar phríomhearnáil fostaíochta in Éirinn freisin, agus is ionann an earnáil agus 8.9% den fhostaíocht náisiúnta, a chiallaíonn go bhfuil ár dtionscail chruthaitheachta ar an dara ceann is mó san AE.

Tá an smaointeoireacht chruthaitheach mar scil rangaithe sa dara háit i dtaighde ar thug an Fóram Eacnamaíoch Domhanda (WEF) faoi do thodhchaí fostaíochta sa bhliain 2023, suas ón 10 in 2015[12]. Bíonn níos mó teacht aniar i bpoist a bhfuil ardchumas cruthaitheachta ag baint leo agus ní dóigh go n-imeoidh siad ar nós na bpost sin nach bhfuil an t-ardchumas céanna ó thaobh na cruthaitheachta ag baint leo[13]. Dá bhrí sin, tá scileanna forbartha sna tionscail chruthaitheachta mar bhonn taca leis na hearnálacha ardchumas fáis seo agus cuideoidh le fórsa saothair a sheasfaidh an aimsir a chruthú in Éirinn.

Tá níos mó teacht aniar sna gnólachtaí cruthaitheacha ná mar atá i gcuid mhaith gnólachtaí eile, agus rátaí marthanais ar aon dul leis na cuideachtaí ICT acu tar éis cúig bliana, ach iad níos fearr ná earnáil na cóiríochta agus na seirbhísí bia thar an tréimhse chéanna[14].

**'Cuireann tionscail na cruthaitheachta borradh faoin iomaíochas, faoin táirgiúlacht, faoin bhfás inbhuanaithe, faoin bhfostaíocht agus faoin acmhainneacht onnmhairithe.'**





# Cén cur chuige atá á ghlacadh againn?

Chabhraigh cur chuige dírithe agus comhtháite ar fud raon de ranna rialtais agus de ghníomhaireachtaí Stáit, mar aon le hinfheistíocht leanúnach airgeadais ó 1980, leis an bhfás a tháinig ar ár n-earnálacha scannán agus teilifíse. Tugann an rath a bhí ar scannáin, ar dhrámaíocht teilifíse, ar chláir faisnéise agus bheochana na hÉireann sa bhaile agus thar lear, léargas soiléir ar na torthaí a d'eascair as an gcur chuige leanúnach, spriocdhírithe seo.

Chuir an cur chuige seo treallús faoi fhás suntasach ar fhostaíocht bhreise san earnáil closamhairc in Éirinn. I gcomhthéacs an AE, bhí an cion geilleagrach ó thionscail chruthaitheachta na hÉireann ar an ráta fáis ab airde in aon Bhallstát idir 2013 agus 2017, agus fás 44.8% tagtha ar an mbreisluach. Bhí an fás seo faoi stiúir go príomha ag gníomhaíochtaí closamhairc a chuaigh ó €441m in 2013 go €3.86bn in 2017.

Mar fhreagra ar fhás agus ar acmhainneacht na hearnála closamhairc, chuir an DTCAGSM *Plean Gníomhaíochta Closamhairc* ar fáil sa bhliain 2018[15]. Mar gheall ar an bPlean Gníomhaíochta seo, tháinig méadú suntasach ar an infheistíocht a rinne an Rialtas san earnáil closamhairc trí Fhís Éireann agus trí Choimisiún na Meán araon. Mar thoradh ar an infheistíocht spriocdhírithe agus leanúnach seo, tá ár n-earnáil closamhairc ag dul ó neart go neart.



Tionscal na Cluichíochta
*Íomhá: Andrew Downes*

# Ag díriú ar Thionscail na Cruthaitheachta Digití



Storytoys

Aithnítear i gClár an Rialtais na deiseanna a bhaineann le cur chuige spriocdhírithe a ghlacadh nuair a thagann sé chomh fada le forbairt a dhéanamh ar an tionscal cruthaitheachta agus, dá bhrí sin, tá sé tiomanta do 'Threochlár maidir le Tionscail na Cruthaitheachta Digití a fhorbairt'[16].

Ag cur le rathúlacht an *Phlean Gníomhaíochta Closamhairc,* díreofar sa Treochlár seo ar na fo-earnálacha príomha maidir le dearadh, cluichí digiteacha agus cruthú ábhar níos leithne.

Cuireann na hearnálacha spriocdhírithe seo acmhainneacht shuntasach ar fáil don nuálaíocht, don fhás agus d'onnmhairiú agus d'fhéadfadh ról lárnach a bheith acu ó thaobh teacht aniar gheilleagar na hÉireann.

Rangaíonn Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa (EIS) (2023) Éire mar 'Nuálaí Láidir' (9ú háit san AE) le ráta feidhmíochta atá os cionn mheán an AE. I dTionchar 2030 — Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann, tá an tír tiomanta a bheith mar Cheannaire Nuálaíochta faoin mbliain 2030. Mar chuid den obair a bhaineann leis an sprioc seo a bhaint amach, leanfaimid orainn ag feabhsú ár bhfeidhmíochta i réimsí ar nós caiteachas taighde agus forbartha agus feidhmchláir deartha.

Ar fud raon éagsúil d'earnálacha fiontraíochta, is droichead iontach é an úsáid chomhtháite dearaidh chuig gníomhaíocht nuálaíochta eile[17] agus bhí coibhneas daingean idir é agus an feabhas ar an bhfeidhmíocht ghnó[18]. Ach caithfear an ceangal atá idir an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chumasú go straitéiseach[19]. Dá bhrí sin, má thugtar tacaíocht spriocdhírithe don dearadh agus don nuálaíocht neartóidh sé éiceachóras nuálaíochta na hÉireann agus beidh an tír níos mealltaí mar ionad le haghaidh gníomhaíochtaí nuálaíochta níos leithne.

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le dearadh do gheilleagar na hÉireann sa tiomantas reatha atá tugtha maidir le hIonad Náisiúnta Dearaidh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027. Faoi Thionscadal Éireann 2040 agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027, tá sé i gceist go mbunófaí ionad náisiúnta dearaidh mar acmhainn goir, oiliúna agus taispeána chun tacú leis an nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh inár bhfiontair, ar mhaithe le díolachán idirnáisiúnta a fhás.

Tá straitéis nua cúig bliana foilsithe ag Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (DCCI) freisin atá tiomanta do dhearadh a neadú níos doimhne sa tsochaí agus sa gheilleagar, chun deiseanna níos fearr a bhaint amach don earnáil dearaidh agus cur le tionchar na hearnála[20]. Beidh fás i gceist leis an líon daoine atá ag obair san earnáil seo freisin mar thoradh ar thábhacht an dearaidh atá ag dul i méid. Léirítear i dtaighde a bhí coimisiúnaithe ag an DCCI go bhfuil acmhainneacht sna hearnálacha dlúthdheartha ó thaobh breis is 20,000 post a chruthú idir na blianta 2020 agus 2026, le hacmhainneacht fáis de €1.4bn in GVA ar fud na tréimhse céanna[21].

Tá níos mó ná dúbailt ó thaobh méide tagtha ar an tionscal domhanda cluichí digiteacha ón mbliain 2011, ach tá laghdú os cionn 18% tagtha ar an bhfostaíocht sa tionscal in Éirinn sa tréimhse sin, in ainneoin go leor céimithe a bheith ag baint cáilíochtaí amach ar chúrsaí a bhaineann le cluichí ag an tríú agus an ceathrú leibhéal.[22]

Tá comhairleoirí forbartha tiomnaithe de chuid Fhiontraíocht Éireann, chomh maith le comhairleoirí margaidh, ag tacú leis na cláir oibre forbartha atá ag an earnáil cruthaitheachta digití ar fud Start Up, HPSU, cuideachtaí seanbhunaithe agus cuideachtaí scálaithe. Cuirtear Infheistíocht Dhíreach ar fáil trí mhaoiniú i bhfoirm deontais agus trí mhaoiniú cothromais chomh maith le forbairt cumais agus forbairt ceannaireachta, tacaíocht le gur féidir an comhoibriú ar thaighde le tíortha thar lear agus cláir thacaíochta don tríú leibhéal a leathnú amach.

Tá creidmheas cánach tugtha isteach in Éirinn do thionscail na gcluichí digiteacha, atá mar bhunchloch chun ligean le hacmhainneacht na hÉireann san earnáil seo. Is cuid amháin den réiteach é an creidmheas cánach seo. Léiríonn taithí na hÉireann san earnáil closamhairc gurbh é an meascán de chreidmheas cánach S.481, an Plean Gníomhaíochta Closamhairc, an saineolas a bhí curtha i dtoll a chéile ag na ranna rialtais, Fís Éireann, Fiontraíocht Éireann agus an IDA agus an obair chomhtháite a rinne siad a chiallaigh athrú ó bhun chomh maith le fás sa réimse seo.

Cruthaíonn an tionscal fógraíochta os cionn €1.2bn do gheilleagar na hÉireann. Fostaíonn an tionscal suas le 2,400 duine, rud a chiallaíonn go raibh fás os cionn 20% ann ón mbliain 2021 i leith. Ní thagann ach 16% den ghnó atá ag gníomhaireachtaí fógraíochta de chuid na hÉireann ó chliaint idirnáisiúnta faoi láthair, ach tá os cionn 60% de ghníomhaireachtaí fógraíochta na hÉireann ar thóir gnó anois ó chliaint idirnáisiúnta, leis an tuiscint go bhfuil 'an cumas ann a bheith ag obair go cianda ar son cliaint idirnáisiúnta, agus COVID-19 thart, tar éis an margadh idirnáisiúnta a oscailt gan dabht do ghníomhaireachtaí as Éirinn agus is réimse suntasach fáis é seo'[23].

Lógó Creative is Native
*Íomhá: Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn*

**Le fás ag teacht go leanúnach ar an nglacadh atá leis na teicneolaíochtaí digiteacha, na teicneolaíochtaí ar líne agus na teicneolaíochtaí soghluaiste, agus na léirithe meiteachruinne ag forbairt go tapa, beidh deiseanna suntasacha fáis ann don ábhar soghluaiste agus don ábhar tumthach.**

Tá an spás tumtha níos nuaghinte in Éirinn, ach tá go leor cuideachtaí tumtha de chuid na tíre a 'gineadh go domhanda' agus tá siad dírithe go mór ar an onnmhairiú cheana féin. Tá beagnach dhá thrian de na custaiméirí atá ag gnólachtaí tumtha de chuid na hÉireann lonnaithe lasmuigh den tír seo, ar an iomlán tá 78% de chomhlachtaí tumtha na hÉireann i mbun onnmhairithe[24].
Mar gheall go meastar go bhfásfaidh an margadh domhanda atá ann le haghaidh fearais cinn AR agus VR ó $4.3 billiún in 2021 go dtí $36 billiún in 2025, is léir go bhfuil deiseanna fáis in Éirinn don chruthú ábhair san earnáil seo[25].

Chomh maith leis sin, tá éiceachóras bríomhar ag Éirinn nuair a thagann sé chomh fada leis an taighde agus leis an bhforbairt ar na teicneolaíochtaí tumtha, rud atá in ann cabhrú le forbairt na hearnála. Tá teicneolaíochtaí tumthacha ar nós VR/AR agus MR ag cumasú teicneolaíochtaí agus tá tionchar acu ar fud réimsí eile i dtionscail na cruthaitheachta, m.sh., léiriú fíorúil don tionscal scannán, réamhléirshamhlú do dhearadh seit chomh maith le bheith ina meáin ó thaobh scéalaíocht nua do scaipeadh ábhar. Chomh maith leis an acmhainneacht a bheith ann nasc a chruthú leis an earnáil teicneolaíochta atá lonnaithe in Éirinn, tugann an earnáil thumthach deis do chuideachtaí den scoth as Éirinn áit mhaith a bhaint amach sna margaí domhanda.

Dá bhrí sin, tá earnáil an deartha, earnáil na gcluichí digiteacha agus an earnáil cruthaithe ábhair faoi réir le tuilleadh fáis a bhaint amach. Tá sé tábhachtach an chruthaitheacht a chothú agus tionscail na cruthaitheachta seo a bhfuiltear ag díriú go sonrach orthu a chur chun cinn, ionas go mbeidh rath leanúnach ar an ngeilleagar. Má chuirtear tionscail na cruthaitheachta digití atá in Éirinn chun cinn agus má neartaítear iad, ní hamháin go gcothóidh siad fostaíocht dhíreach sa gheilleagar amach anseo ach cuideoidh siad freisin le gnólachtaí nua a fhás, scileanna a fhorbairt agus an tallann a theastaíonn le tacú leis an gcineál fostaíochta a bhfuil níos mó teacht aniar inti a mhealladh, thar bhonn fiontraíochta atá níos éagsúlaithe.

Ó tháirgí agus seirbhísí a dhearadh, na próisis déantúsaíochta tionsclaíocha a fheabhsú, cluichí a chruthú le haghaidh oideachais nó siamsaíochta, ábhar closamhairc agus ábhar idirghníomhach nua a fhorbairt le húsáid ar an idirlíon, ar na meáin shóisialta agus ar aipeanna soghluaiste, tá ról lárnach ag tionscail na cruthaitheachta digití seo a bhfuiltear ag díriú go sonrach orthu ó thaobh athrú ó bhonn a chur ar shaol ár saoránach, ár sochaí, ár ngeilleagar agus ár n-áit sa domhan mór.

Caitríona Ní Mhurchú i seó Drámaíochta Réaltachta Fíorúla Emperor 101 ón Performance Corporation.
*Íomhá: Mark Stedman*







# An tírdhreach beartais faoi láthair

Tugann forbairt ar bheartais a tharla ar fud an AE, go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil le tamall anuas léargas ar an mbonn fianaise atá ann, fianaise atá ag fáil níos láidre, nuair a thagann sé chomh fada leis an infheistíocht i dtionscail na cruthaitheachta digití.

### An tAontas Eorpach

Tá sé soiléir go bhfuil clár oibre na dtionscal cruthaitheachta treisithe go mór agus tá sé seo le tabhairt faoi deara go háirithe i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an AE 2021–2027. Tacaíonn an Clár InvestEU leis an infheistíocht inbhuanaithe, leis an nuálaíocht agus le cruthú fostaíochta san Eoraip. Tá sé mar aidhm leis breis agus €372 billiún d'infheistíocht bhreise a spreagadh thar an tréimhse 2021–27. Cuireann InvestEU Táirge Ráthaíochta Punainne Cultúrtha agus Cruthaitheachta spriocdhírithe ar fáil chun tacú le maoiniú a dhéanamh ar fhiontair chruthaitheachta, agus cabhrú le tionscail chruthaitheachta a fhorbairt san Eoraip atá rathúil, acmhainneach agus brabúsach[26].

Is í Fís na hEorpa an clár taighde agus nuálaíochta €95.5bn atá ag an Aontas Eorpach a dhírítear ar iomaíochas domhanda an AE a chinntiú. Aithnítear an nuálaíocht chruthaitheachta agus na tionscail chruthaitheachta go lárnach[27] laistigh de Cholún 2 "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch na hEorpa" agus i gColún 3 'Nuálaíocht Eorpach', agus is ionann é agus os cionn €66bn de chlár iomlán Fhís na hEorpa.

Tugann an Eoraip Ildánach 2021–2027 €2.44bn mar chabhair d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta le béim níos mó á chur ar an gcomhoibriú ag leibhéal na hEorpa agus ar ghníomhaíochtaí nuálacha agus comhoibríocha trasearnála[28].

Cumasaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF)[29], agus an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe[30] deiseanna do thionscal na cruthaitheachta freisin. Dírítear sa chlár ERDF ar an bhforbairt inbhuanaithe agus comhtháite i gceantair uirbeacha, i gceantair faoin tuath agus i gceantair cois cósta a thacaíonn leis an mbonneagar cultúrtha a fheabhsú, a dhíríonn ar ardú ar na feidhmchláir deartha, ach déanann iarracht freisin cur le líon na bhfiontar a bhfuil teacht aniar agus ardchumas fáis iontu a fhaigheann tacaíocht uaidh. Déantar iarracht leis an gclár EAFRD an geilleagar tuaithe a neartú trí 'Shráidbhailte Cliste' agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail a chuireann leis an bhfostaíocht i gceantair thuaithe. Soláthraíonn an clár seo deiseanna leis an gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn, ar mhaithe leis an tionchar lenar féidir leas a bhaint as na tionscail chultúrtha/chruthaitheacha níos leithne.

Is féidir an ról lárnach atá ag an gcruthaitheacht in uaillmhian na hEorpa a fheiceáil freisin laistigh de thionscnamh an Bauhaus Eorpach Nua lena ndéantar iarracht é a bheith ina 'spreagadh chun an Comhaontú Glas don Eoraip ar mhaithe le beocht a chur ann ar bhealach tarraingteach, nuálach atá dírithe ar an duine'[31] tríd an ealaín, an ailtireacht, an eolaíocht, an innealtóireacht agus an dearadh.



### Éire

Tá raon beartas agus straitéisí i bhfeidhm ag Éirinn a thugann tacaíocht go díreach nó go hindíreach do thionscail na cruthaitheachta digití i gcúrsaí fiontraíochta, nuálaíochta, oideachais agus forbartha scileanna.

Tá tírdhreach casta ó thaobh beartais agus timpeallacht oibre ag FBManna atá ag plé leis an onnmhairiú laistigh de thionscal an dearaidh agus de thionscal na cruthaitheachta digití agus tá gá le cur chuige níos comhordaithe, níos comhtháite agus faoi stiúir ag sonraí chun luach geilleagrach iomlán na n-earnálacha atá aitheanta a bhaint amach.

Déanann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) agus a cuid gníomhaireachtaí maoirseacht ar an bhforbairt ar bheartais náisiúnta do na healaíona, don chultúr, don chraoltóireacht agus do na meáin; chomh maith le forbairt agus oiliúint ó thaobh fiontraíochta de i gceantair Ghaeltachta agus maidir leis an earnáil closamhairc.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) agus a cuid gníomhaireachtaí i gceannas ar bheartais fiontraíochta a sheachadadh, lena n-áirítear, beartais maidir le fás na FBManna agus fás na fiontraíochta, intleacht shaorga, todhchaí na tionsclaíochta, forbairt na n-earnálacha dearaidh agus ceardaíochta, chomh maith le tacaíocht chun pleananna agus tionscnaimh fiontraíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur i bhfeidhm.

Cumasaíonn an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) agus a cuid gníomhaireachtaí beartais agus pleananna a chuireann fórsa saothair ar fáil atá sároilte agus cumasach, ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do na riachtanais ghinearálta agus na riachtanais ar leith a bhíonn ag an earnáil. Tá seachadadh straitéisí taighde agus nuálaíochta mar phríomhthosaíocht freisin chun tacú leis na tosaíochtaí náisiúnta.

Cinntíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus a cuid gníomhaireachtaí go gcuirtear béim shuntasach ar fhorbairt agus ar athghiniúint chothrom a bheith déanta faoin tuath agus ar phobal na tuaithe trí chur chuige réigiúnach a úsáid chun tacaíocht fiontraíochta a thabhairt don gheilleagar áitiúil agus do phobail áitiúla.

Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), na húdaráis áitiúla agus na tionóil réigiúnacha beartais agus straitéisí a sheachadadh chun tacú leis an gcomhfhorbairt áite, agus leis an athghiniúint, an fhiontraíocht áitiúil, agus an fhorbairt pobail.

Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, (DPENDR) maoirseacht ar an *bPlean Forbartha Náisiúnta 2021–2030* agus cuireann sí beartais nuálaíochta i bhfeidhm laistigh den tseirbhís phoiblí agus leagan sí síos na beartais náisiúnta don soláthar. Aithnítear i *bPlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann 2021–2030* an tábhacht a bhaineann le tionscail na cruthaitheachta digití agus tugann aitheantas don obair ar an Treochlár seo de chuid an DTCAGSM agus an DETE.

Chomh maith leis sin, bhí an DPENDR i mbun stiúrtha ar fhorbairt maidir le *Dearadh ár Seirbhísí Poiblí — Prionsabail an Deartha do Rialtas na hÉireann*. Mar a thaispeántar sa Phlean Gníomhaíochta atá ag gabháil leis:

> *'Laistigh de chomhthéacs na seirbhísí poiblí, téann dearadh i bhfad níos faide ná aeistéitic agus cineál. Déanann sé mionscagadh ar réiteach fadhbanna, ar straitéis agus ar thaithí úsáideora, le fócas ar sheirbhísí a chruthú atá ábhartha do riachtanais na ndaoine, ar leas a bhaint as an teicneolaíocht chun freastal ar na riachtanais seo agus atá ag teacht le cumas oibríochta ár n-eagraíochtaí. Cuireann an cur chuige deartha seo ar ár gcumas freagracht a chuimsiú, ag tabhairt aghaidh ar thionchair chomhshaoil agus shóisialta[32].'*

Tá an tuiscint seo ar an acmhainneacht deartha san earnáil phoiblí ag teacht go hiomlán leis an bhfís maidir le hacmhainneacht ó thaobh tionscal agus ár ngeilleagar amach anseo mar atá leagtha amach sa Treochlár seo.

Cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) treallús faoi bheartais a bhaineann le bainistiú dramhaíola, leis an ngeilleagar ciorclach agus do ghníomhú ar son na haeráide. Is tionscnamh atá cómhaoinithe ag an DECC agus ag Clár Éire Ildánach sa DTCAGSM atá i gceist leis an gCiste um Ghníomhú ar son na *hAeráide II — Gníomhairí an Athraithe,* ina n-áirítear, tionscadail a dhíríonn ar dhearadh chun rannpháirtíocht a chothú do ghníomhú ar son na haeráide agus ar athrú iompair chun glacadh le hinbhuanaitheacht.

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) lárnach ó thaobh Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe do ghnólachtaí agus d'infheistíocht, chomh maith le deiseanna a chruthú thar lear agus ceannaireacht a thabhairt d'Éirinn Dhomhanda.

Déantar iarracht leis an Treochlár seo a chinntiú go mbíonn obair na ranna ábhartha ag teacht le tacaíocht a thabhairt do thionscail na cruthaitheachta digití in Éirinn fás. I bhFíor 1, thíos, leagtar amach na Ranna, na gníomhaireachtaí gaolmhara agus na tionscnaimh beartais ábhartha éagsúla a d'fhéadfadh cabhrú nó a d'fhéadfadh cabhair a fháil ó chur chun feidhme an Treochláir seo.

### Réigiúnach

Leagan na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha (REPanna)[33] béim ar thionscail na cruthaitheachta, nó ar na fo-earnálacha taobh istigh de thionscail na cruthaitheachta, mar chuid lárnach d'inmharthanacht geilleagrach a réigiúin. Chomh maith leis sin, tá trí Thionól Réigiúnacha na hÉireann mar bhonn taca freisin ag na tionscail chruthaitheachta trína Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (RSES) a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i bhFíor 2, thíos.

Dírítear níos mó fós ar na réigiúin tríd an obair a dhéanann Coimisiún Forbartha an Iarthair[34] agus Údarás na Gaeltachta araon[35] agus a bhfadbhreathnaitheacht agus a ndea-theist mar a bhaineann sé le fás na dtionscal cruthaitheachta.

Ag an leibhéal áitiúil, d'aithin na húdaráis áitiúla agus na hOifigí Fiontair Áitiúla acmhainneacht thionscal na cruthaitheachta digití chomh maith, agus tá tionscnaimh ag cuid acu freisin a thacaíonn leis an bhforbairt ar an ngeilleagar cruthaitheach i gcoitinne ina gceantair féin.

> **'Tá raon beartas agus straitéisí i bhfeidhm ag Éirinn a thugann tacaíocht do thionscail na cruthaitheachta digití.'**

Seoladh Design Declares Ireland
*Íomhá: Sean Casey*







**Roinn an Taoisigh**
Department of the Taoiseach

| An Roinn | Tionscnaimh Bheartais | Gníomhaireachtaí |
|---|---|---|
| **An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán** Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | Plean Gníomhaithe Closamhairc; Treochlár do na Tionscail Ildánacha Dhigiteacha, i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Cultúr 2025 | Údarás na Gaeltachta<br>Fís Éireann<br>An Chomhairle Ealaíon |
| **An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** Department of Enterprise, Trade and Employment | Plean Fáis maidir le Fiontraíocht agus FBM Náisiúnta; Is Cuid den Saol é Anois: Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn; Straitéis Thionsclaíoch 4.0 don Déantúsaíocht in Éirinn; Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta; Straitéis Infheistíochta agus Trádála 2022–2026 | Fiontraíocht Éireann<br>IDA |
| **An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science | Straitéis maidir le Scileanna atá ag Teacht Chun Cinn 2025; Plean Gníomhaithe na bPrintíseachtaí 2021–2025; Scileanna Teicneolaíochta 2022; Tionscnamh um Chaipiteal Daonna; Straitéis don Ardoideachas go dtí 2030; An Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna; Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann | An tÚdarás um Ard-Oideachas<br>IRC<br>SFI<br>Skillnet Ireland<br>Solas |
| **Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil** Department of Communications, Climate Action & Environment | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide; Plean Gníomhaithe um an nGeilleagar Ciorclach | EPA |
| **An Roinn Gnóthaí Eachtracha** Department of Foreign Affairs | Éire Dhomhanda 2025 | |
| **An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** Department of Rural and Community Development | Todhchaí na Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021–2025; Ciste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe; Tionscnamh maidir le Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh | Coimisiún Forbartha an Iarthair |
| **An Roinn Airgeadais** Department of Finance | Creidmheas cánach an Achta Airgeadais 2021 don tionscal cluichí digiteacha; An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, S.481 Creidmheas Cánach chun tacú le tionscail scannán, bheochana agus chlosamhairc | |
| **An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe** Department of Public Expenditure NDP Delivery and Reform | Nuálaíocht a Fhíorú; Plean Forbartha Náisiúnta 2021–2030; Soláthar Poiblí Straitéiseach | |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** Department of Housing, Local Government and Heritage | Straitéisí Eacnamaíochta Spásúla Réigiúnacha; Maoiniú Forbartha um Athghiniúint Uirbeach | Údaráis Áitiúla<br>Comhthionóil Réigiúnacha |

**Fíor 1** Ranna Rialtais agus Tionscail na Cruthaitheachta Digití



**Fíor 2** REP agus RSES ag díriú ar thionscail na cruthaitheachta






| | | |
|---|---|---|
| **RSES an Tuaiscirt agus an Iarthair** | Tá tionscail na cruthaitheachta lárnach ó thaobh an geilleagar cliste a fhorbairt. Déantar iarracht gnólachtaí cruthaitheacha a mhealladh agus a chothú. |
| REP an Iarthair | Earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú agus leas a bhaint aisti. Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comán |
| REP an Oirthuaiscirt | Díriú ar earnálacha fáis atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear, AR/VR agus dearadh táirgí An Cabhán, Muineachán, Lú |
| REP an Iarthuaiscirt | Tógáil ar láidreachtaí an réigiúin, lena n-áirítear, an earnáil closamhairc agus an chluichíocht dhigiteach. Sligeach, Liatroim, Dún na nGall |
| **RSES an Oirthir agus Lár Tíre** | An sciar is airde de mhicreaghnóthais cruthaitheacha. Is ionann tionscail na cruthaitheachta agus deis earnála d'fhorbairt an gheilleagair. |
| REP an Láir- Oirthir | Ceantar an láir – oirthir a fhorbairt mar mhol don earnáil cruthaithe ábhair. Cill Dara, An Mhí, Cill Mhantáin |
| REP Lár Tíre | Sócmhainní sa dearadh a ghiaráil don déantúsaíocht, agus don nuálaíocht. Laois, An Longfort, Uíbh Fhailí, An Iarmhí |
| REP Bhaile Átha Cliath | Deiseanna fiontraíochta agus cruthú post sa dearadh ciorclach. Cathair Bhaile Átha Cliath, Contae Bhaile Átha Cliath |
| **RSES an Deiscirt** | Bonneagar cumasúcháin a sholáthar d'earnáil na cruthaitheachta, agus deiseanna do nuálaíocht thionscal na cruthaitheachta |
| REP an Iarthair Láir | An láidreacht atá sna scannáin, agus sa chomhoibriú digiteach a ghiaráil. An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann |
| REP an Oirdheiscirt | Tógáil ar chumais a bhaineann leis an smaointeoireacht faoi stiúir an dearaidh agus an nuálaíocht sa dearadh. Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman |
| REP an Iardheiscirt | Díriú ar riachtanais, ar dheiseanna agus ar bhonneagar an tionscail chruthaithigh. Corcaigh, Ciarraí |

# Tosaíochtaí don Seachadadh

Trí fhorbairt a dhéanamh ar thionscail na cruthaitheacha digití tríd an Treochlár seo, cuirfear na daoine cruthaitheacha i gcroílár an tseachadta i dtaca le scileanna, forbairt ghnó, áiteanna cruthaitheacha, nuálaíocht agus idirnáisiúnú. Leagtar amach sa Treochlár raon de ghníomhaíochtaí a bhainfidh gach ceann de na tosaíochtaí seo amach, agus sainaithnítear an Roinn/na Príomh-Ranna i gcás gach gníomh acu.




**Fíor 3** Sé Réimse Tosaíochta

# 2.1 Daoine Cruthaitheacha
## Comhoibriú agus cumarsáid

→ Uaillmhian: Tacú le tionscail na cruthaitheachta digití ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Fhóram don Tionscal.

Baineann tacaíocht a thabhairt do thionscail na cruthaitheachta digití le cur ar chumas gairmithe cruthaitheachta agus a ngnólachtaí cruthaitheachta a n-acmhainneacht ó thaobh na cruthaitheachta agus na tráchtála de a bhaint amach. Tá easnamh gutha chomhchoitinn do thionscail na cruthaitheachta digití, áfach, dúshlánach do na comhearnálacha agus don Rialtas ó thaobh forbairt leanúnach beartais agus cláir.

Tá ról ríthábhachtach le himirt ag an bhFóram don Tionscal comhtháite ó thaobh neartú a dhéanamh ar rannpháirtíocht leis an Rialtas agus lena chuid gníomhaireachtaí, chomh maith le tacú le cumarsáid níos éifeachtúla le hearnálacha tionscail a bhfuiltear ag díriú orthu faoin Treochlár seo[36]. Cuireann sé seo leis an gcur chuige atá sa Phlean Náisiúnta FBM agus Fiontraíochta, faoina bhfuil Fóram Náisiúnta Fiontraíochta ann chun a chinntiú go mbeidh dearcadh an phobail fiontraíochta / na FBManna curtha san áireamh go córasach sa phlé ar bheartais agus le linn cinnteoireachta[37].

Tá samhlacha idirnáisiúnta seanbhunaithe ann don chomhoibriú tras-tionscail (ar nós Creative UK). In Éirinn is dea-shampla freisin go bhfuil forbairt déanta ar Bheochan Éireann.

Ag tógáil san áireamh go bhfuil tionscail na cruthaitheachta digití, a ndírítear orthu sa Treochlár seo, ina gcuid ríthábhachtach d'fhás geilleagrach na hÉireann sa todhchaí, tá sé riachtanach go mbeadh cur chuige réamhghníomhach ann maidir le fóram den chineál céanna a fhorbairt don tionscal. Nuair a bhunaítear é thart ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíocht leanúnach, cinnteoidh an fóram go mbeidh fócas ceannródaíoch ag an tionscal in Éirinn.

The Ark Environment and Wayfinding le Gareth Jones
*Íomhá ó Chartlann 100*






Sraith Cruthaitheachta Digití Phort Láirge
*Íomhá: DGM Photography*





**Gníomhaíocht Tionscail**

2.1.1

Fóram comhchoiteann a bhunú don tionscal ar bhonn píolótach chun:

1. Guth comhchoiteann a éascú do thionscail an dearaidh agus na cruthaitheachta digití;
2. Ionchur a chur ar fáil maidir le dearadh na dtacaíochtaí agus na spreagthaí a theastaíonn;
3. Tacú le forbairt scileanna agus le meantóireacht;
4. A gcuid eolais ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta a chomhroinnt, lena chinntiú gur féidir le hÉirinn a bheith mar cheannaire sa dearadh agus i dtionscail na cruthaitheachta; agus
5. Léargas agus/nó sonraí ón tionscal a sholáthar, nuair is féidir, chun tacú leis an monatóireacht agus leis an gcur i bhfeidhm.

**Gníomhartha Tacaíochta**

2.1.2

Tacóidh an Rialtas go gníomhach le fóram píolótach comhthionscail a fhorbairt thar thréimhse trí bliana do na tionscail deartha, cluichí agus cruthú ábhair in Éirinn, trí éascaíocht a dhéanamh agus na hacmhainní comhpháirtíochta a theastaíonn a chur ar fáil le tacú leis an tionscnamh seo.

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE

2.1.3

I gcás go mbunaítear Rialtas/Fóram Tionscail comhchoiteann agus inbhuanaithe, tacóidh an Rialtas leis an ngrúpa seo chun ardán faoi stiúir na hearnála a fhorbairt. Áireofar leis an tacaíocht sin maoiniú comhréireach chun ardán inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil, chomh maith le comhoibriú maidir le heolas faoi acmhainní, deiseanna, sonraí agus léargais ábhartha a mbeadh spéis iontu ag tionscail na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú go sonrach orthu.

Déanfar iarracht leis an ardán seo cumarsáid a neartú in earnálacha na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú orthu agus d'fhéadfadh go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh:

1. Cur chuige comhaontaithe i leith bailiú sonraí a chruthú.
2. Tacaíochtaí atá ar fáil ón AE, tacaíochtaí náisiúnta agus tacaíochtaí áitiúla a aithint agus a scaipeadh,
3. Deiseanna fostaíochta agus deiseanna infheistíochta a léiriú agus mealladh na tallainne ó thar lear a chur chun cinn;
4. Scéalta a scaipeadh mar gheall ar na nithe ar éirigh go maith leo i dtionscail an dearaidh agus na cruthaitheachta digití in Éirinn, chomh maith le heolas faoi nuálaíocht agus faoi thaighde a scaipeadh;
5. Faisnéis faoi na margaí maidir le treochtaí margaidh agus margaí onnmhairithe a chur chun cinn;
6. Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe don infheistíocht i dtionscail na cruthaitheachta (ó thaobh an bonn scileanna atá ann agus na tacaíochtaí do thionscail); agus
7. Tacú leis an líonrú agus leis an gcomhoibriú agus cuidiú le cnuasaigh a fhorbairt chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le scála agus leis an ilroinnt..

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE

# 2.2 Scileanna Cruthaitheachta
## Oideachas, scileanna agus tallann

→ Uaillmhian: Modhanna nua foghlama a chumasú i gcomhpháirtíocht le tionscail na cruthaitheachta agus ar a son, agus an chruthaitheacht a neadú i ngníomhaíochtaí breisoideachais agus ardoideachais ionas go seasfaidh ár ngeilleagar sa todhchaí.

Aithníodh i dtuarascáil ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí[38] (EGFSN) sa bhliain 2020 go bhfuil fiontair ag streachailt chun teacht ar na scileanna dearaidh atá ag teastáil ó ghnólachtaí in Éirinn. Aithníodh é freisin sa phlé a bhí ar bun leis an tionscal agus an Treochlár seo á fhorbairt, áit ar tugadh le fios go bhfuil an mealladh tallainne ar an dara tosaíocht is airde i gcás FBManna atá ag iarraidh fás. Tá ganntanas scileanna in Éirinn chomh maith i réimsí na mbeochana 2D agus 3D, rud atá ag cur as do thionscal na beochana agus do thionscal na cluichíochta araon[39]. Tá acmhainneacht mhór fáis sna réimsí seo do gheilleagar na hÉireann.

Aithníonn na comhpháirtithe in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil an oideachais go bhfuil teacht aniar ag baint le scileanna cruthaitheachta agus go mbeidh siad riachtanach sa gheilleagar amach anseo. Baineann an fhorbairt ar scileanna dá leithéid seo le comhthionscnaimh, amhail Acadamh Todhchaí Chruthaitheachta UCD/IADT/NCAD, atá maoinithe tríd an Tionscnamh Caipitil Dhaonna[40].

Tá acmhainneacht shuntasach bhreise ann, áfach, a eascraíonn as na scileanna cruthaitheacha a chomhtháthú ar bhonn níos ginearálta i ndisciplíní eile sa chóras breisoideachais agus ardoideachais (m.sh., an chruthaitheacht agus an dearadh a chomhtháthú i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na hinnealtóireachta) agus feabhas a chur ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an mbreisoideachas agus ag an ardoideachas ó thaobh na cruthaitheachta a chur chun cinn. Tugtar ar aird i Straitéis Scileanna Éireann OECD 2023 — Measúnú agus Moltaí gur cheart don tír seo, ar mhaithe le hacmhainneacht agus iomaíochas oiriúnaitheach a neartú, scileanna a fhorbairt don nuálaíocht ar fud an chórais oideachais. Ba cheart go n-áireofaí ansin, suíomh straitéiseach scileanna a neartú, feabhas a chur ar nascacht le réimsí beartais níos leithne agus feabhas a chur ar *'fhorbairt tras-scileanna don nuálaíocht (m.sh. cruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil agus cumarsáid ar fud an chórais oideachais*[41].'

Tá cúig phríomhdhúshlán aitheanta maidir le hoideachas, scileanna agus tallann.

1. Táimid ag tabhairt aghaidh ar ghanntanas scileanna i bpríomhréimsí.
2. Tá tionscail na cruthaitheachta digití ag athrú níos tapa ná timthriallta na gclár ag an tríú leibhéal agus ní mór samhlacha nua foghlama a chruthú.
3. Ciallaíonn an t-athrú tapa a thagann ar theicneolaíochtaí laistigh de thionscail na cruthaitheachta digití go bhfuil oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach níos tábhachtaí ná riamh.
4. Ní mór an cineál rannpháirtíochta cruthaithe atá á neadú ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal a neadú ag an tríú leibhéal freisin.
5. Tá costas na hoiliúna ard, fiú nuair a bhíonn fóirdheontas ar fáil, agus dúshlánach do mhicreaghnólachtaí a bhíonn ag streachailt le corrlach réasúnta a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas athinfheistiú a dhéanamh san fhoghlaim agus san fhorbairt.



Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta do Scileanna ICT[42] an fiúntas a bhaineann le díriú ar scileanna na teicneolaíochta a fhorbairt sa chóras breisoideachais agus ardoideachais, agus díriú ar oiliúint sa tionscal. Déanann an Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí[43] iarracht leis na córais agus na próisis trínar féidir printíseachtaí a fhorbairt a shimpliú. Déantar iarracht leis an bPlean Náisiúnta Fáis do FBManna agus don Fhiontraíocht[44] cur le feasacht air agus glacadh leis an oiliúint agus le micrea-cháilíochtaí d'úinéirí gnó.

Cuirfidh an Treochlár do thionscail na cruthaitheachta digití leis na pleananna sin, agus díreofar ar na dúshláin a aithníodh a bheith ann do thionscail na cruthaitheachta in Éirinn, trí thrí cinn de phríomhghníomhartha:

### Gníomhartha

2.2.1

Tionscnaimh na hearnála a chur chun cinn i mBreisoideachas agus Oiliúint (FET) trí:

**A** Tionscnaimh phrintíseachta/tionscnaimh oiliúna a chur chun cinn do thionscail na cruthaitheachta digití, ag teacht le huaillmhian na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, trína tionscail a threorú chuig na tacaíochtaí atá ar fáil.

**B** Creataí inniúlachta a fhorbairt a bheadh ábhartha do róil i bhfo-earnálacha atá aitheanta sa Treochlár seo;

**Príomhroinn:** DFHERIS / DTCAGSM

2.2.2

Cíoradh a dhéanamh ar acadaimh tallainne bhreise a bhunú d'fho-earnálacha atá aitheanta sa Treochlár seo (ar aon dul leo siúd a bunaíodh le déanaí le haghaidh Beochana, Scannán agus Drámaíocht Teilifíse, agus Acadamh DCCI.

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE

2.2.3

Aidhmeanna, prionsabail agus gnéithe maidir le campas cruthaitheach a aithint, i gcomhar le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais, earnálacha agus pobail chruthaitheacha.

**Príomhroinn:** DFHERIS / DTAGCSM



Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath le Detail. Design Studio
*Íomhá ó Chartlann 100*

# 2.3 Gnólachtaí Cruthaitheachta

## Tacaíochtaí fiontraíochta spriocdhírithe

→ Uaillmhian: Aschur ón dearadh, ó chluichí digiteacha agus ón gcruthú ábhar, chomh maith leis an bhfostaíocht a fhás trí thacaíocht spriocdhírithe.

Ón gcéad plé a bhí ag Clár Éire Ildánach leis an tionscal sa bhliain 2019[45], agus a rinneadh a dhearbhú an athuair in 2022/2023 (le comhlachtaí ionadaíocha ar fhógraíocht, dearadh, cluichí agus ábhar tumtha), d'aithin na gnólachtaí cruthaitheacha go raibh gá le tacaíochtaí dírithe ar mhaithe le: deiseanna sa todhchaí agus margaí fáis a aithint, forbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú don fhoireann atá ann cheana féin, rochtain shlán ar mhaoiniú; páirt ghníomhach a ghlacadh i margaí nua; rathúlacht a chur chun cinn sna margaí reatha; agus straitéisí fáis a fhorbairt.

Ó shin i leith, tá roinnt tionscnaimh nua ann a bhféadfaidh an Treochlár seo cur leo. Tá a straitéis nua trí bliana foilsithe ag Fiontraíocht Éireann[46], agus áirítear anseo aidhmeanna agus uaillmhianta chun dlús a chur leis an bhfás ar onnmhairithe agus ar éagsúlú d'fhiontair na hÉireann, cur le líon na bhfiontraithe nua, cur le líon na ngnólachtaí nuathionscanta agus na HPSUanna atá ag fás go tapa ar fud na réigiún, agus a chinntiú go bhfuil buntáiste iomaíoch ag fiontair na hÉireann trí nuálaíocht agus digitiú faoi stiúir an chustaiméara.

Tugann an Plean Náisiúnta Fáis do na FBManna agus don Fhiontraíocht[47] ar aird an gá atá le *'clúdach gníomhaireachta atá níos fearr do na FBManna ar gach méid agus ar fud gach aon earnáil'* agus molann breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh chun na *'bearnaí'* atá ann faoi láthair i gcás líon suntasach de na FBManna 'a dhúnadh'. Moltar sa phlean seo freisin leasanna na FBManna a chur san áireamh ag luathchéim déanta beartais, lena n-áirítear, *"tástáil FBM"* a bheadh le cur i bhfeidhm ag na Ranna i gcás tograí beartais ábhartha.

Tugtar tiomantas sa Phlean Fáis do na FBManna agus don Fhiontraíocht freisin go ndéanfar forbairt ar mhol agus ar phointe gníomhaireachta amháin ar líne don earnáil faoi na tacaíocht ar fad, an fhaisnéis agus an comhoibriú idir fiontraithe/ FBManna atá ar fáil do na FBManna, áit a mbeidh teacht ar na tacaíochtaí ginearálta agus na tacaíochtaí ar leith atá ann.

Bainfidh tacú leis na tionscnaimh beartais seo do thionscail na cruthaitheachta digití leas as cur chuige spriocdhírithe, lena mbeifear in ann aghaidh a thabhairt freisin ar na dúshláin a bhaineann leis an ilroinnt agus leis an gcumarsáid san earnáil. Tá sé seo ag teacht le taighde an Aontais Eorpaigh[48] ina n-aithnítear gur fiontair bheaga agus mhicrifhiontair den chuid is mó iad na tionscail chruthaitheachta agus go mbíonn dúshláin roimh na fiontair sin ó thaobh modhanna oibre a bheith ag athrú, rochtain ar mhargaí nua agus rochtain ar mhaoiniú, go háirithe i ndáil leis an bhforbairt ar tháirgí nua.

Tá an DETE agus a gníomhaireachtaí ag obair go gníomhach cheana féin le cliantchuideachtaí sa spás maidir le tionscail na cruthaitheachta digití, lena n-áirítear, mar shampla, tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ó thaobh forbartha agus scála de, chomh maith le cabhrú leis na cuideachtaí sin dul isteach i margaí idirnáisiúnta nua.

Is gnólachtaí beaga iad go leor de na fiontair chruthaitheachta dhigiteacha dhúchasacha atá againn, agus is fiú a thabhairt ar aird freisin gur seoladh scéim phíolótach nua chun an sainordú atá ag líonra na hOifige Fiontair Áitiúil (LEO) a leathnú, rud a chuireann ar a gcumas oibriú le gnólachtaí sna hearnálacha déantúsaíochta agus i seirbhísí a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta a d'fhás agus go bhfuil breis is 10 bhfostaí acu, ach nach bhfuil i dteideal tacaíocht a fháil ó Fhiontraíocht Éireann fós.

**Gníomhartha**

2.3.1

Soiléireacht agus comhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh aitheantas a thabhairt do na hearnálacha seirbhísí i dtionscail na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú orthu sa Treochlár seo (leathanach 8) mar thionscail seirbhísí faoin Ordú um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhíse) 2010, de réir mar is cuí maidir le bheith incháilithe le tacaíocht airgeadais agus tacaíocht neamhairgeadais a fháil ó Fhiontraíocht Éireann agus ó gach Oifig Fiontair Áitiúil chun a bheith ag fás agus ag onnmhairiú, faoi réir ag maoiniú aonair agus ag critéir thacaíochta.

**Príomhroinn:** DETE

2.3.2

Comhoibriú leis an bhFóram píolótach um Thionscail Chruthaitheachta chun ról ceannaireachta níos comhtháite a fhorbairt ar fud chomhpháirtithe an Rialtais ag súil leis an bhforbairt fiontraíochta do thionscail na cruthaitheachta digití spriocdhírithe, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá a bheadh le sainacmhainní breise mar chabhair don obair seo i gcomhthéacs chur chun feidhme leanúnach an Pháipéir Bháin maidir le cúrsaí fiontraíochta.

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE

2.3.3

An raon reatha de thacaíochtaí fiontraíochta ábhartha atá ar fáil faoi láthair a chur chun cinn. Cuirfidh siad seo ar chumas micreaghnóthais uaillmhianacha atá dírithe ar an onnmhairiú cás-staidéir ar leith a chruthú agus a fhorbairt chun aird a tharraingt ar acmhainneacht na dtacaíochtaí fiontraíochta do na hearnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu.

**Príomhroinn:** DETE

2.3.4

Cur le feasacht maidir leis na cistí nuathionscanta réamh-shíolta atá ag Fiontraíocht Éireann agus a n-ábharthacht d'earnálacha thionscail na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú orthu.

**Príomhroinn:** DETE

2.3.5

I gcomhthéacs na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha agus feidhmiú leanúnach an Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht, iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht tionscail spriocdhírithe a aithint do chnuasaigh tionscail chruthaitheachta níos fearr, agus sa chás gur infheidhme, iarracht a dhéanamh an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus as deiseanna a eascraíonn as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus as Clár InvestEU[49].

**Príomhroinn:** DETE




Tionscnamh Wild Games
*Íomhá: Andrew Downes*



*Íomhá: Tool., Inc on Unsplash*

# 2.4 Nuálaíocht agus Cruthú Eolais
## Tionscail na cruthaitheachta — *Cruthaitheacht sa tionscal*

→ Uaillmhian: An t-éiceachóras nuálaíochta atá in Éirinn faoi láthair a leathnú chun cur leis an nuálaíocht i dtionscail an deartha, na gcluichí digiteacha agus an cruthú ábhair agus cur leis an nuálaíocht laistigh díobh.

Tugtar aitheantas d'Éirinn laistigh de Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa mar nuálaí láidir[50], atá ag feidhmiú os cionn mheán an AE agus an uaillmhian atá aici a bheith aitheanta mar 'Cheannaire Nuálaíochta' san Eoraip faoin mbliain 2030. Tá roinnt tosca ann a d'fhéadfadh tacú le hÉirinn san uaillmhian seo. Áirítear orthu sin aghaidh a thabhairt ar an leibhéal íseal feidhmchláir dearaidh atá in Éirinn, ar an líon réasúnta íseal daoine atá fostaithe i bhfiontair nuálacha, agus ar na leibhéil ísle maidir le caiteachas go poiblí agus go príobháideach ar thaighde agus forbairt.

Aithnítear i *dTionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann*[51], na príomhdhúshláin sin, lena n-áirítear, maidir le hathrú digiteach na hÉireann, agus a chinntiú go spreagann taighde, forbairt agus nuálaíocht fiontair ár n-iomaíochas náisiúnta. Áirítear i measc na dtionscnamh is suntasaí sa straitéis, a chinntiú go leathnófar agus go ndoimhneofar an cumas nuálaíochta i gcúrsaí fiontair, cur le líon na bhfiontar agus na FBManna a bhíonn ag infheistiú in RD&I, cur le líon na ngnólachtaí nua-thionscanta ardluacha, agus an líon mór gnólachtaí nuathionscanta a thagann ó thaighde.

Léiríonn an bonn fianaise do Threochlár gur ionann na tionscail chruthaitheachta agus tiománaí na nuálaíochta, agus aithnítear nuálaíocht thionscail na cruthaitheachta mar thosaíocht don Aontas Eorpach[52]. Sainaithnítear sa Chlár Fís Eorpach (2021–2027):

*'Ní mór don Eoraip a bheith iomaíoch i gcónaí sa rás digiteach domhanda le teicneolaíochtaí nua a chruthú (m.sh. AI, IoT, blocshlabhra) a bhfuil CClanna (tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha) mar ghineadóirí tábhachtacha ábhar, táirgí agus seirbhísí ar fud an domhain'.*

Tá earnálacha éagsúla amhail cúram sláinte, an déantúsaíocht agus an miondíol cheana féin ag iarraidh leas a bhaint as an acmhainneacht a bhaineann le AR/VR/MR ó thaobh a bheith nuálach ina gcuid oibríochtaí, ag plé le tomhaltóirí agus i gcúrsaí oiliúna[53].

I dtéarmaí deartha, aithníonn an treoir maidir le dea-chleachtais ó thaobh bainistiú nuálaíochta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) cur chuige atá dírithe ar an gcustaiméir (croílár an dearaidh agus smaointeoireacht an dearaidh) mar bhunchloch don nuálaíocht rathúil[54].

Aithnítear i Straitéis Tionscail 4.0 na hÉireann 2020–2025 an ról atá ag an dearadh ar fud na hearnála déantúsaíochta agus ina slabhraí soláthair ó thaobh cur leis an táirgiúlacht, agus a ról i ndearadh táirgí, dearadh seirbhíse agus dearadh straitéiseach mar a bhaineann leis an bhfás ar tháirgí/an fás ar theacht le chéile seirbhíse.

Aithnítear i mbeartas dearaidh an DETE freisin[55] go bhfuil:

*'gá lena chinntiú go mbíonn na tacaíochtaí Stáit a chuirtear ar fáil do ghníomhaíochtaí nuálaíochta incháilithe i gcás gníomhaíochtaí dearaidh a bhaineann le táirgí/seirbhísí a fhorbairt'.*

Aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an Dearadh do gheilleagar na hÉireann sa tiomantas reatha atá tugtha maidir le hIonad Náisiúnta Dearaidh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027. Tá sé beartaithe go mbunófar Ionad Náisiúnta Dearaidh mar acmhainn goir, oiliúna agus taispeána chun tacú leis an nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh inár bhfiontair, ar mhaithe le méid a chur ar na díolacháin idirnáisiúnta.

Éilítear cur chuige réamhghníomhach ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Ionad Náisiúnta Dearaidh i dtéarmaí an tsamhail is fearr oibríochta agus airgeadais a aithint don tionscadal, agus giaráil á dhéanamh ar an nasc láidir idir an DCCI, Fiontraíocht Éireann, LEOanna, comhlachtaí tionscail agus lucht cur chun cinn eile maidir le dearadh ag baile agus thar lear.

Moltar na gníomhartha seo a leanas sa Treochlár seo chun feidhmíocht na hÉireann ó thaobh na nuálaíochta de a fheabhsú agus an acmhainn atá ag an dearadh agus ag tionscail na cruthaitheachta digití treallús a chur faoin nuálaíocht, agus ag an am céanna coinneáil suas leis an gclár oibre Eorpach atá ag teacht chun cinn maidir le nuálaíocht agus iomaíochas.

### Gníomhartha

2.4.1

An réimse de thionscnamh nuálaíochta atá ag LEO a chur chun cinn i measc earnálacha i dtionscail na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú orthu, agus iad a threorú chuig scéimeanna ábhartha atá ag Fiontraíocht Éireann do mhicreaghnóthais/FBManna maidir leis an nuálaíocht, cistiú nuálaíochta, comhpháirtíochtaí nuálaíochta agus tráchtálú.

**Príomhroinn:** DETE

2.4.2

Comhoibriú le Fóram na dTionscal Cruthaitheachta Digití maidir le cur chuige i leith na nuálaíochta agus i leith na forbartha ar tháirgí/ar sheirbhísí nua, amhail:

- **A** Oiliúint agus meantóireacht chun faisnéis a sholáthar agus uas-sciliú a dhéanamh ar ghnólachtaí cruthaitheacha uaillmhianacha maidir le tionchar agus acmhainneacht uirlisí agus teicneolaíochtaí nua (ar nós AR/VR/XR, intleacht shaorga agus teacht chun cinn ardán nua agus cainéil dáileacháin nua) ar a samhlacha gnó;
- **B** Tacaíocht a thabhairt do smaointe comhoibríocha a bhaineann le deiseanna nua do tháirgí/don mhargaíocht, ar fud earnálacha na cruthaitheachta, agus idir gnólachtaí cruthaitheachta agus iad siúd atá rannpháirteach i dteicneolaíochtaí nua; agus
- **C** Tacaíocht a thabhairt do fhréamhshamhaltú nuair a bhítear ag forbairt táirgí nua suas chomh fada le tráchtálaíocht, maoin intleachtúil (IP) agus próisis paitinne.

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE

## ‘Tugtar aitheantas d’Éirinn laistigh de Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa.’

2.4.3

Bunú Ionad Náisiúnta Dearaidh a chur chun cinn chun cabhrú le nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh i bhfiontair atá lonnaithe in Éirinn chun díolacháin idirnáisiúnta a chur chun cinn:

**A** Cás gnó a fhorbairt don Ionad Náisiúnta Dearaidh chun cuspóirí, feidhmeanna, acmhainní, samhail rannpháirtíochta FBM, maoiniú agus rialachas bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta i gcomhar leis na páirtithe leasmhara.

**B** Cead agus acmhainní a lorg chun Ionad Náisiúnta Dearaidh a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh air.

**Príomhroinn:** DETE

2.4.4

Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht deartha laistigh d’obair na Comhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) trí na nithe seo a leanas:

**A** Tabhairt faoi athbhreithniú ardleibhéil maidir leis na cláir mhaoinithe faoi seach chun cinneadh a dhéanamh cibé an mbeadh sé cuí an Dearadh a chur san áireamh mar bhreithniú; agus

**B** Béim a chur ar cibé an bhfuil scóip ann chun an Dearadh a chur san áireamh i gcláir atá ann cheana féin (m.sh., foirne atá san iomaíocht do Mhaoiniú Bunaithe ar Dhúshláin[56]).

**Príomhroinn:** DFHERIS

2.4.5

Iarracht a dhéanamh an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna atá ar fáil faoi thionscnaimh Nuálaíochta an AE, ar nós an chláir, Fís Eorpach[57], Bauhaus Eorpach Nua agus sruthanna maoinithe ábhartha eile; agus comhpháirtíochtaí féideartha a chur chun cinn, nuair is cuí, chun cabhrú le leas a bhaint as an acmhainneacht nuálaíochta atá i dtionscail na cruthaitheachta digití in Éirinn.

**Príomhroinn:** DFHERIS / DETE

2.4.6

Acmhainneacht smaointeoireachta dearaidh a chumasú i ndearadh tionscadail, i ndearadh seirbhíse agus i nuálaíocht níos leithne san earnáil phoiblí[58], ag teacht le Nuálaíocht a Fhíorú[59], an straitéis a thacaíonn le nuálaíocht ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn agus úsáid a bhaint as, Dearadh na Seirbhísí Poiblí agus feidhmiú Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh[60].

**Príomhroinn:** DPENDR

I dTreo Éire Ildánach
*Íomhá: Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i gcomhar le Saotharlann an Dearaidh Phoiblí, IADT*







# 2.5 Spásanna Cruthaitheacha
## Áiteanna Inbhuanaithe

→ Uaillmhian: Speisialtóireacht chliste, cnuasú agus cur chuige áit-bhunaithe a chumasú ar mhaithe le tionscail deartha, tionscail na gcluichí digiteacha agus tionscail an chruthaithe ábhair a fhorbairt.

Aithnítear go rímhaith an tábhacht a ghabhann le cathracha cruthaitheacha[61] agus sa staidéar a rinne an AE sa bhliain 2019 ar 190 cathair chruthaitheachta[62] tugadh scór thar a bheith fabhrach do chathracha na hÉireann sa rangú, go háirithe maidir le bríomhaireacht an chultúir agus timpeallacht chumasúcháin. Mar sin féin, níor éirigh go maith le cathracha na hÉireann agus measúnú á dhéanamh ar an ngeilleagar cruthaitheachta, nuair a cuireadh an fhostaíocht chruthaitheachta, iarratais ar phaitinní agus feidhmchláir deartha san áireamh.

Ar an iomlán, léiríonn staidéar an AE go bhfuil na cathracha is fearr ó thaobh an chultúir agus na cruthaitheachta níos rathúla ná a gcomhghleacaithe nach bhfuil chomh cruthaitheach céanna. Chomh maith leis sin, tá tábhacht na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheachta don fhorbairt réigiúnach agus don fhorbairt tuaithe seanbhunaithe[63].

Tugann taighde an AE[64] ar aird freisin na buntáistí a bhaineann le cnuasú do thionscail na cruthaitheachta maidir le piarfhoghlaim, nuálaíocht agus comhpháirtíochtaí tráchtála. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, tacú le ról na n-údarás forbartha sna cathracha, sna réigiúin agus faoin tuath agus iad ag bunú thionscail na cruthaitheachta digití agus á gcothú.

In Éirinn, leagtar béim láidir sa Phlean Náisiúnta Fáis do na FBManna agus don Fhiontraíocht ar líonraí agus ar straitéis an chnuasaithe. Áirítear leis sin a bheith tiomanta ó thaobh dea-chleachtas agus bearnaí a aithint, chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt ar líonra náisiúnta agus ar chlár cnuasaithe, agus ar an maoiniú do líonraí foirmiúla gnó agus d'eagraíochtaí a dhéanann bainistíocht ar chnuasaigh. Tugann straitéis Fiontraíocht Éireann[65] tiomantas breise ó thaobh treallús a chur faoi chomhoibriú trí chnuasú agus líonra a fhorbairt chun tacú le FBManna, atá mar bhonn taca leis an bPáipéar Bán ar Fhiontraíocht agus ar Bheartas Náisiúnta Cnuasaithe.

D'fhéadfadh raon eagraíochtaí agus tionscnamh atá lonnaithe go háitiúil agus go réigiúnach tacú leis an gcur chuige seo; idir tionóil réigiúnacha agus údaráis áitiúla, pleananna fiontraíochta réigiúnacha agus fóraim scileanna réigiúnacha, Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) agus Grúpaí Gníomhartha Áitiúla LEADER, ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus soláthróirí breisoideachais, chomh maith leis an obair spriocdhírithe a dhéanann Údarás na Gaeltachta (An tÚdarás), Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) agus tionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC).

Tacóidh an cineál fostaíochta a bhfuil teacht aniar ann a sholáthraíonn tionscail na cruthaitheachta le háiteanna inbhuanaithe. Tá ról le himirt ag tionscail na cruthaitheachta freisin maidir leis an inbhuanaitheacht níos leithne agus an clár oibre um ghníomhú ar son na haeráide. Cuireann an 'Plean Gníomhartha Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach[66]' treochlár ar fáil ionas go bhféadfaidh Éire aistriú go dtí geilleagar ciorclach sna deich mbliana atá amach romhainn agus aithníonn sé an ról tábhachtach atá ag an dearadh i ndáil leis sin. Tá Circuléire.ie, an t-ardán náisiúnta um monarú ciorclach, ag obair cheana féin le tionscail dearaidh agus leis an DCCI chun tacú le nuálaíocht, taighde agus forbairt scileanna sa dearadh ciorclach.

Is gá comhordú breise a dhéanamh ar na tionscnaimh agus ar na struchtúir stáit atá ann cheana féin chun lánacmhainneacht na dtionscal deartha, na dtionscal cluichí agus na dtionscal cruthaithe ábhair a bhaint amach laistigh dár ngeilleagar agus dár sochaí i gcoitinne.





**Gníomhartha**

2.5.1

Tionscnaimh Cnuasaigh CreaTech a chruthú d'earnálacha den tionscal a bhfuiltear ag díriú orthu:

**A** Ionaid straitéiseacha a bhfuil soláthar ardoideachais ar fáil iontu atá ábhartha do thionscail na cruthaitheachta digití;

**B** Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha a thugann tosaíocht do thionscail na cruthaitheachta digití; agus

**C** Obair Údarás na Gaeltachta agus an WDC.

Cuimseoidh an tionscnamh gnéithe amhail:

- Cnuasaigh ceantarbhunaithe, a fhaigheann tacaíocht ó mhapáil agus ó shonraí ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;
- Gníomhaíochtaí comhoibríocha leis an gcóras breisoideachais agus ardoideachais;
- Cur chuige comhpháirtíochta chun fiontraíocht chruthaitheach agus infheistíocht in acmhainní nuálacha a sheachadadh, m.sh. An Cupán Náisiúnta Bliantúil do Ghnó Cruthaitheach; agus
- Aistriú eolais idir gníomhaireachtaí fiontraíochta, réigiúin agus comhpháirtithe Eorpacha, m.sh. tríd an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, Pobail Eolasbhunaithe agus Nuáilbhunaithe, na hEarnálacha Cultúrtha agus Cruthaitheacha ina bhfuil an WDC mar chomhpháirtí ionadaíoch náisiúnta (stádas comhpháirtí).

**Príomhroinn:** DRCD

2.5.2

Tacaíocht a bhreithniú do speisialtóireacht chliste agus don chnuasú réigiúnach trí Scéim Nuálaíochta Fiontair na Réigiún Cliste agus ar fud cláir mhaoinithe faoi stiúir an Rialtais, sa chás go mbíonn infheistíocht den sórt sin ag teacht leis na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha.

**Príomhroinn:** DETE

2.5.3

Tacú le comhpháirtithe fiontraíochta réigiúnacha chun cur leis an acmhainneacht a bhaineann le ciste WRAP[67], Ciste Micrea-lasachta Thionscail na Cruthaitheachta[68] agus Tionscnamh Fiontar Cruthaitheachta an Iarthair (CREW)[69], chun a bheith mar bhonn taca le forbairt leanúnach thionscail na cruthaitheachta digití in Iarthar na hÉireann agus Conair Eacnamaíoch Atlantach na hÉireann a bhunú mar mhol do thionscail na cruthaitheachta digití.

**Príomhroinn:** DRCD

2.5.4

Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhás sa gheilleagar cruthaitheach áitiúil trí *Phobail Ildánacha* Chlár Éire Ildánach.

**Príomhroinn:** DTCAGSM

2.5.5

An acmhainneacht atá laistigh de thionscail dearaidh agus de thionscail na cruthaitheachta in Éirinn a ghiaráil chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, ciorclach.

**Príomhroinn:** DECC and DTCAGSM

# 2.6 Éire sa Mhargadh Idirnáisiúnta
## Tallann, trádáil agus infheistíocht a mhealladh

→ Uaillmhian: Trádáil na hÉireann a fhás i dtionscail na cruthaitheachta digití a bhfuiltear ag díriú orthu agus ár bpróifíl idirnáisiúnta a neartú.

Tá tabhairt faoi chur chuige straitéiseach mar phríomhghné de bheartas rathúil thionscal na cruthaitheachta a dhíríonn go gníomhach ar mhargaí onnmhairithe agus ar infheistíocht dhíreach choigríche[70]. Dá bhrí sin, tá buntáistí díreacha ag baint leis an trádáil idirnáisiúnta do thionscail na cruthaitheachta digití don gheilleagar, ach d'fhéadfadh ról fuinniúil a bheith ag trádáil den chineál sin freisin ó thaobh cabhrú le tallann a mhealladh agus cuidiú leis an mbolscaireacht idirnáisiúnta ar bhonn níos leithne[71].

Bunaithe ar an rannpháirtíocht a bhí ag Clár Éire Ildánach leis na tionscail roimhe seo, tá sé soiléir go bhfuil sciar coibhneasta de ghnólachtaí cruthaitheachta rannpháirteach in onnmhairiú agus teastaíonn ó go leor gnólachtaí nach bhfuil ag díol isteach sna margaí idirnáisiúnta faoi láthair deiseanna onnmhairithe a fhorbairt. Áirítear ar na bacainní atá aitheanta maidir le honnmhairiú:

1. An deacracht a bhaineann lena bheith in iomaíocht chun a bheith sofheicthe sa mhargadh idirnáisiúnta;
2. Easpa saineolais ar an talamh a thacódh le gnó a fhorbairt i margaí onnmhairithe aitheanta; agus
3. An dúshlán a bhaineann le deiseanna a aithint agus a bhaint amach i margaí onnmhairithe.

Gealltar i bPlean Náisiúnta na hÉireann d'Fhás na FBManna agus don Fhiontraíocht (Plean na FBManna) go ndéanfar forbairt ar líonraí dírithe ar earnálacha ar leith ar mhaithe le sonraí a bhailiú, a bheith ag foghlaim i bpáirt agus meantóireacht don onnmhairiú.

Chomh maith leis sin, beidh infheistíocht tiomanta agus saoráidí maoinithe i gceist le Plean na FBManna do na FBManna go léir ar mian leo dul i mbun onnmhairithe, treoracha don onnmhairiú a fhorbairt don earnáil agus tairseach d'onnmhaireoirí chun cur leis an eolas faoi na dúshláin atá ag earnálacha ar leith agus ag margaí ar leith, agus FBManna a chur i dtreo tacaíochtaí ar leith, agus tacaíochtaí saincheaptha d'onnmhairí digiteacha seachas d'onnmhairí fisiciúla[72].

Tá straitéis onnmhairithe tiomnaithe do thionscail na cruthaitheachta ag an Ríocht Aontaithe[73] agus aithnítear go dteastaíonn tionsonamh den chineál céanna in Éirinn, go háirithe i gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna a eascraíonn as an mBreatimeacht. Dá bhrí sin, tacaíonn an Treochlár le Moladh 3.3 — *beartais d'earnálacha ar leith a fhorbairt laistigh de chreat foriomlán chun tacú le honnmhaireoirí* — laistigh den Phlean Fáis do na FBManna agus don Fhiontraíocht.

Tugann tacaíochtaí den chineál sin, atá dírithe ar earnálacha ar leith, aitheantas don acmhainneacht onnmhairithe atá ag tionscail na cruthaitheachta a bhfuiltear ag díriú orthu agus beidh sé thar a bheith tráthúil d'earnáil na gcluichí tar éis creidmheas cánach inaisíoctha a bheith tugtha isteach chun tacú leis an bhforbairt ar thionscal na bhfíschluichí in Éirinn agus iad a spreagadh.





Cuireann tionscail na cruthaitheachta digití deiseanna ollmhóra ar fáil freisin don chaidreamh gnó domhanda. Aithnítear i Straitéis Diaspóra na hÉireann 2020–2025 an luach a bhaineann leis na naisc le diaspóra na hÉireann a neartú, i dtéarmaí forbartha gnó, meantóireacht agus nuálaíocht[74]. Má fhástar tionscail na cruthaitheachta digití in Éirinn, cruthófar deiseanna trádála agus tabharfaidh tuilleadh tacaíochta don infheistíocht isteach. Tacóidh sé freisin le tallann a mhealladh, rud atá ríthábhachtach, chomh maith le deiseanna a chruthú a d'fhéadfadh tallann de chuid na hÉireann, atá ag obair thar lear, a spreagadh le filleadh abhaile chun oibriú i dtionscal na hÉireann, ag teacht le Straitéis Dhiaspóra na hÉireann ina léirítear an gá atá ann leas a bhaint as an léargas agus an saineolas atá ag diaspóra na hÉireann mar a bhaineann le cúrsaí trádála, nuálaíochta, infheistíochta, taighde agus forbartha.

Chun go bhféadfaidh tionscail na cruthaitheachta digití in Éirinn a n-acmhainneacht fáis a bhaint amach, caithfear freisin a bheith in ann leanúint ar aghaidh ag mealladh daoine ardoilte isteach i margadh saothair na hÉireann. Ó thaobh thionscail na cruthaitheachta digití, áirítear leis seo, daoine i réimsí beochana 2D agus 3D[75], chomh maith le daoine a bhfuil scileanna digiteacha, scileanna táirgthe agus scileanna dearaidh straitéiseacha acu[76].



Tionscal na Cluichíochta
*Íomhá: Andrew Downes*

### Gníomhartha

**2.6.1**

Leas a bhaint as an intleacht margaidh atá ag ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta chun díriú ar onnmhairiú a fhás laistigh de na hearnálacha atá aitheanta i dtionscail na cruthaitheachta digití.

**Príomhroinn:** DETE

**2.6.2**

Iniúchadh a dhéanamh ar Chnuasaigh Chruthaitheacha Dhigiteacha a bhunú agus a úsáid chun deiseanna a aithint agus naisc a aimsiú do thionscail na cruthaitheachta digití in Éirinn i ndáil le MNCanna, i gcomhthéacs an Phlean Náisiúnta Fáis do FBManna agus don Fhiontraíocht, an Páipéar Bán maidir le Fiontraíocht 2022–2030 agus an beartas náisiúnta cnuasaithe.

**Príomhroinn:** DETE

**2.6.3**

Naisc níos láidre a chruthú le diaspóra na hÉireann i dtionscal na cruthaitheachta tráchtála.

**Príomhroinn:** DFA / DTCAGSM

**2.6.4**

Cur leis na gníomhaíochtaí láidre thar lear chun earnálacha i dtionscal na cruthaitheachta digití spriocdhírithe a chur chun cinn sna príomh-mhargaí trádála agus infheistíochta ag obair le Foirne Mhargaidh Áitiúla na hÉireann.

**Príomhroinn:** DTCAGSM / DETE / DFA

# Cur i bhFeidhm agus Rialachas

Beidh idirphlé éifeachtach idir an Rialtas agus an tionscal lárnach ó thaobh fheidhmiú rathúil an Treochláir seo thar thréimhse an chláir ó 2024 go 2026. Dá bhrí sin, bunófar Fóram do Thionscail na Cruthaitheachta Digití chun comhroinnt faisnéise a éascú maidir le tacaíochtaí agus deiseanna margaíochta agus ionchur ón tionscal chun beartas a chruthú ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt thionscail na cruthaitheachta digití ar fud forbairt fiontraíocht, scileanna agus forbairt réigiúnach.

Cuirfear clár oibre i bhfeidhm don Fhóram bunaithe ar na gníomhartha atá leagtha amach sa Treochlár. Déanfaidh oifigigh shinsearacha ón DTCAGSM agus ón DETE comhchathaoirleacht ar an bhFóram agus beidh na comhlachtaí ionadaíocha tionscail ábhartha ag labhairt thar ceann a n-earnálacha.

Tiocfaidh an Grúpa Feidhmithe agus an Fóram le chéile ar bhonn ráithe agus tabharfar faoi obair bhreise ar shaincheisteanna sonracha ar bhonn leanúnach, agus cuirfidh eolas ar fáil ansin don obair atá idir lámha ag an bhFóram.

Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe maoirseacht ar dhul chun cinn an Treochláir faoi chathaoirleacht an DTCAGSM agus DETE. Beidh an DFHERIS, an DRCD agus Fiontraíocht Éireann san áireamh freisin chomh maith leis na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha.

Beidh sé mar dhualgas ar an nGrúpa Feidhmithe tuarascáil a chur ar fáil don Rialtas ar fheidhmiú an Treochláir. Déanfar an méid sin trí Mheamram bliantúil chuig an Rialtas. Déanfaidh an Grúpa Feidhmithe athbhreithniú freisin ar an dul chun cinn bliantúil chun a chinntiú go bhfuil plean oibre an Fhóraim cothrom le dáta i gcónaí.



Íomhá: Maxcam on Adobe Stock



# Tagairtí


1 DTCAGSM; *Plean Gníomhaíochta Closamhairc*, 2019; **www.creativeireland.gov.ie**/app/uploads/2019/12/audiovisual-action-plan.pdf

2 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna (an Coimisiún Eorpach); *Ag Cur Borradh faoi Iomaíochas na Tionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach ó thaobh fáis agus fostaíochta de*, Iarscríbhinn 7.1 ; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/723a331a-d6be-45e3-8475-8ce6ca0ee050

3 An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; *Ár Seirbhísí Poiblí a Dhearadh, 2022;* **www.ops.gov.ie**/designprinciples

4 Cruinniú an tSainghrúpa maidir leis an nGeilleagar Cruthaitheach UNCTAD, Deireadh Fómhair 2019; **unctad.org**/system/files/information-document/notification2019d173_en.pdf

5 Ag Tomhas na nEarnálacha Cruthaitheachta agus Cultúrtha san AE, 2022; www.measuring-ccs.eu

6 Ag Tomhas na nEarnálacha Cruthaitheachta agus Cultúrtha san AE, 2022; www.measuring-ccs.eu

7 An Ciste Eorpach Infheistíochta; *Anailís Margaidh ar na hEarnálacha Cultúrtha agus Cruthaitheachta in Éirinn: Earnáil le hinfheistíocht a dhéanamh inti*, 2021; **www.eif.org**/what_we_do/guarantees/cultural_creative_sectors_guarantee_facility/ccs-market-analysis-europe.pdf

8 Parlaimint na hEorpa; *Tuarascáil ar Bheartais stuama AE do na Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheachta*, 2016; **www.europarl.europa.eu**/doceo/document/A-8-2016-0357_EN.html

9 Zentrum für Europäische Wirtschaftsforschung; *Ról na dTionscal Chruthaitheach sa Nuálaíocht Tionsclaíoch*, 2008; **www.zew.de**/en/publications/the-role-of-creative-industries-in-industrial-innovation-2

10 An Coimisiún Eorpach; DG don Mhargadh Inmheánach, Tionscal, Fiontraíocht agus FBManna; *Páipéar Spreagtha maidir le ról na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheachta ó thaobh nuáil a dhéanamh ar an tionscal Eorpach*, 2019; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/cd264783-3977-11e9-8d04-01aa75ed71a1

11 An Coimisiún Eorpach; *Monatóir na gCathracha Cultúrtha agus Cruthaitheachta*, 2019; **publications.jrc.ec.europa.eu**/repository/handle/JRC117336

12 An Fóram Eacnamaíoch Domhanda; *Tuarascáil maidir le Todhchaí na Fostaíochta*, 2023; **www.weforum.org**/publications/the-future-of-jobs-report-2023

13 NESTA; *Cruthaitheacht vs Róbait: An Geilleagar Cruthaitheachta agus Todhchaí Fostaíochta*, 2015, **www.nesta.org.uk**/report/creativity-vs-robots

14 An Ciste Eorpach Infheistíochta; *Anailís Margaidh ar na hEarnálacha Cultúrtha agus Cruthaitheacha in Éirinn: Earnáil le hinfheistíocht a dhéanamh inti*, 2019; **keanet.eu**/wp-content/uploads/ccs-market-analysis-europe-KEA-March2019.pdf

15 DTCAGSM; *Plean Gníomhaíochta Closamhairc*, 2019; **www.creativeireland.gov.ie**/app/uploads/2019/12/audiovisual-action-plan.pdf

16 Roinn an Taoisigh; *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte;* **www.gov.ie**/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future

17 OECD; *Ag Tomhas an Dearaidh agus a ról sa Nuálaíocht*, 2015; **www.oecd.org**/sti/inno/measuring-design-and-innovation.htm

18 McKinsey & Co; *Luach Gnó an Dearaidh*, 2018; **www.mckinsey.com**/capabilities/mckinsey-design/our-insights/the-business-value-of-design

19 Comhairle Nuálaíochta na hEorpa agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna (An Coimisiún Eorpach); *Ag cur Borradh faoi Iomaíochas na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheachta d'Fhás Fostaíochta*, 2016; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/723a331a-d6be-45e3-8475-8ce6ca0ee050

20 Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann; *Straitéis an DCCI;* **www.dcci.ie**/about/what-we-do/our-strategy

21 Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann; *Measúnú ar Thionchar Geilleagrach Earnáil Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann*, 2021; **issuu.com/craftscouncilofireland**/docs/dcci_eia_report_august_2021

22 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *'Cás úsáide gnó ardleibhéil: Creidmheas Cánach Cluichí*, 2022

23 Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn; *Daonáireamh 2022: An Tionscal Cruthaitheachta agus Cumarsáide Tráchtála;* **iapi.ie**/files/documents/2022-IAPI-CENSUS-Final-Version.pdf

24 Skillnet Ireland: *Geilleagar Tumthach na hÉireann: Irish Immersive Technology Industry Landscape*, 2022; **www.skillnetireland.ie**/publication/the-irish-immersive-economy-industry-landscape-2022

25 Skillnet Ireland: *Geilleagar Tumthach na hÉireann: Irish Immersive Technology Industry Landscape*, 2022; **www.skillnetireland.ie**/publication/the-irish-immersive-economy-industry-landscape-2022

26 An Ciste Eorpach Infheistíochta; *Guarantee Products;* **www.eif.org**/InvestEU/guarantee_products/index.htm

27 Fís na hEorpa; **horizoneurope.ie**/horizon-europe

28 An Coimisiún Eorpach; *An Eoraip Chruthaitheach;* **culture.ec.europa.eu**/news/creative-europe-2021-2027-programme-launch

29 An Coimisiún Eorpach: *Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa;* **commission.europa.eu**/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/european-regional-development-fund-erdf_en

30 An Coimisiún Eorpach: *An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe;* **commission.europa.eu**/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/european-agricultural-fund-rural-development-eafrd_en

31 An Coimisiún Eorpach: *Bauhaus Eorpach Nua;* **ec.europa.eu**/commission/presscorner/detail/en/FS_20_1894

32 An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; *Ár Seirbhísí Poiblí a Dhearadh, 2022;* **www.ops.gov.ie**/designprinciples

33 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha;* **www.enterprise.gov.ie**/en/what-we-do/the-business-environment/regional-enterprise-plans

34 Coimisiún Forbartha an Iarthair; *An Geilleagar Cruthaitheach;* **westerndevelopment.ie**/key-projects/the-creative-economy

35 Údarás na Gaeltachta; **www.udaras.ie**/en/faoin-udaras/cliant-chomhlachtai/cas-staideir/telegael-teo

36 Clár Éire Ildánach; *Taighde Príomhúil*, 2019; D'admhaigh os cionn 40% den lucht freagartha ar shuirbhé a rinne Clár Éire Ildánach ar an tionscal sa bhliain 2019 nach raibh siad cinnte maidir leis na tacaíochtaí a bhí ar fáil do ghnólachtaí cruthaitheacha (n=157). Ceist eile a cuireadh ná, *'cad is gá don Rialtas a dhéanamh chun tacú le fás na dtionscal cruthaitheachta'* agus ba é an dara tosaíocht a bhí rangaithe (as 14) ná *'Soiléireacht a thabhairt don tionscal maidir leis na tacaíochtaí agus na spreagthaí atá ar fáil.'*

37 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Tuarascáil Thascfhórsa FBManna: An Plean Náisiúnta Fáis do FBManna agus don Fhiontraíocht*, 2021; **www.gov.ie**/en/publication/e19ff-report-of-the-sme-taskforce-national-sme-and-entrepreneurship-growth-plan

38 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Le Chéile don Dearadh: Scileanna Digiteacha, Táirge agus Dearaidh Straitéiseacha sa Todhchaí*, 2020; **enterprise.gov.ie**/en/publications/together-for-design.html

39 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Liosta Gairme Scileanna Criticiúla;* **enterprise.gov.ie**/en/What-We-Do/Workplace-and-Skills/Employment-Permits/Employment-Permit-Eligibility/Highly-Skilled-Eligible-Occupations-List

40 Creative Futures Academy; www.creativefuturesacademy.ie

41 OECD; *Straitéis Scileanna Éireann OECD 2023 — Measúnú agus Moltaí;* **www.oecd.org**/ireland/oecd-skills-strategy-ireland-d7b8b40b-en.htm

42 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Plean Gníomhaíochta Scileanna ICT*, 2021; **www.gov.ie**/en/publication/387fa-ict-skills-action-plan

43 An Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; **www.gov.ie**/en/publication/0879f-action-plan-for-apprenticeship-2021-2025





44 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Plean Fáis FBM agus Fiontraíochta;* **enterprise.gov.ie**/en/what-we-do/supports-for-smes/sme-and-entrepreneurship-growth-plan

45 Reáchtáil Clár Éire Ildánach trí cheardlann idir Iúil 2019 agus Meán Fómhair 2019 le 110 rannpháirtí. Ba as tionscail na cruthaitheacha formhór na ndaoine a d'fhreastail orthu agus tháinig an chuid eile ó ranna Rialtais, ó ghníomhaireachtaí fiontraíochta agus ó chomhpháirtithe acadúla.

46 Fiontraíocht Éireann; *Chun Cinn i nDomhan atá ag Athrú. Straitéis 2022-2024*; strategy2022.enterprise-ireland.com

47 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Tuarascáil Thascfhórsa an FBM: Plean Fáis Fiontraíochta agus FBM Náisiúnta*, 2021; **www.gov.ie**/en/publication/e19ff-report-of-the-sme-taskforce-national-sme-and-entrepreneurship-growth-plan

48 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna (An Coimisiún Eorpach); *Ag cur Borradh faoi lomaíocha na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheachta d'Fhás agus d'Fhostaíocht*, 2016; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/723a331a-d6be-45e3-8475-8ce6ca0ee050

49 Clár InvestEU; investeu.europa.eu/index_en

50 An Coimisiún Eorpach; *Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa;* **research-and-innovation.ec.europa.eu**/statistics/performance-indicators/european-innovation-scoreboard_en

51 An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; *Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann;* **www.gov.ie**/en/publication/27c78-impact-2030-irelands-new-research-and-innovation-strategy

52 Fís Eorpach; **horizoneurope.ie**/horizon-europe

53 HealthTech Magazine; *From VR to XR, Deireadh Fómhair 2022*; **healthtechmagazine.net**/article/2022/10/vr-xr-advancements-patient-care; PWC; *Seeing is Believing, 2019*; **www.pwc.com**/gx/en/technology/publications/assets/how-virtual-reality-and-augmented-reality.pdf; Retail Customer Experience; *Redefining the Supply Chain; Innovative AR, VR Approaches, 2019*; **www.retailcustomerexperience.com**/blogs/redefining-the-supply-chain-innovative-ar-vr-approaches

54 Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán; *Bainistiú Nuálaíochta, 2019;* **www.iso.org**/obp/ui/#iso:std:iso:56002:ed-1:v1:en

55 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Creat Beartais don Dearadh sa bhFiontraíocht in Éirinn, 2016;* **enterprise.gov.ie**/en/Publications/Policy-Framework-For-Design-in-Enterprise-in-Ireland.html

56 Áirítear ar shamhlacha maoinithe dúshláin reatha na cistí dúshláin atá á mbainistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann; **www.sfi.ie**/challenges

57 Fís Eorpach; **horizoneurope.ie**/horizon-europe

58 Faireachlann Nuálaíochta na hEarnála Poiblí OECD; *Ag Cothú na Nuálaíochta san Earnáil Phoiblí, 2017;* **oecd-opsi.org**/publications/fostering-innovation

59 An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; *Ag Fíorú na Nuálaíochta, 2020;* **www.gov.ie**/en/publication/55404-making-innovation-real

60 An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; *Ag Dearadh ár Seirbhísí Poiblí, 2022;* **www.ops.gov.ie**/designprinciples

61 Richard Florida; *The Rise of the Creative Class, 2002;* **creativeclass.com**/richard_florida/books/rise-of-the-creative-class

62 An Coimisiún Eorpach; *Monatóir na gCathracha Cultúrtha agus Cruthaitheachta, 2019;* **publications.jrc.ec.europa.eu**/repository/handle/JRC117336

63 OECD; *Cultúr agus Forbairt Áitiúil, 2018;* **www.oecd.org**/cfe/leed/venice-2018-conference-culture/documents/Culture-and-Local-Development-Venice.pdf

64 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna, (An Coimisiún Eorpach); *Ag cur Borradh faoi Iomaíochas na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheachta don Fhás agus don Fhostaíocht,* 2016; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/723a331a-d6be-45e3-8475-8ce6ca0ee050

65 Fiontraíocht Éireann; *Ciste Braisle na Teicneolaíochta Réigiúnaí;* **www.enterprise-ireland.com**/en/funding-supports/Regional-Technology-Cluster-Fund/RTCF/Overview.html

66 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; *Plean Gníomhaíochta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach;* 2020; **www.gov.ie**/en/publication/4221c-waste-action-plan-for-a-circular-economy

67 Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ardán, Údarás na Gaeltachta, agus údaráis áitiúla ón gClár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach; wrapfund.ie

68 Coimisiún Forbartha an Iarthair; *Ciste Micrea-Iasachta Thionscail na Cruthaitheachta;* **westerndevelopment.ie**/investment-funds/creative-industries-investment

69 Faoi stiúir an WDC, ATU, agus Ardán, le tacaíocht ó Chiste Réigiúnacha Forbartha Fiontraíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; crewdigital.ie

70 Comhairle Nuálaíochta na hEorpa agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna (an Coimisiún Eorpach); *Ag cur Borradh faoi Iomaíochas na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheachta d'Fhás agus d'Fhostaíocht,* 2016; **op.europa.eu**/en/publication-detail/-/publication/723a331a-d6be-45e3-8475-8ce6ca0ee050

71 An Coimisiún Eorpach; *Ag cur na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheachta chun cinn d'fhás agus d'fhostaíocht san AE, 2012;* **www.europarl.europa.eu**/registre/docs_autres_institutions/commission_europeenne/com/2012/0537/COM_COM%282012%290537_EN.pdf

72 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Tuarascáil Thascfhórsa na FBManna, Plean Náisiúnta Fás Fiontraíochta na FBManna, 2021;* **www.gov.ie**/en/publication/e19ff-report-of-the-sme-taskforce-national-sme-and-entrepreneurship-growth-plan

73 Bord Infheistíochta agus Trádála na dTionscal Cruthaitheachta, RA; *Tionscail Chruthaitheachta na Ríochta Aontaithe a Chur Chun Tosaigh, 2022;* **assets-global.website-files.com**/60a2e06021577f542777ca5d/638f32fbd72dc59dd29e1159_CITIB%20Strategy%20Report_2022%20(FINAL%20Dec6).pdf

74 An Roinn Gnóthaí Eachtracha; *Éire Dhomhanda: Straitéis Diaspora na hÉireann y 2020–2025;* **www.dfa.ie**/global-irish/support-overseas/diasporastrategy2020

75 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; *Liosta Gairme na Scileanna Criticiúla;* **enterprise.gov.ie**/en/What-We-Do/Workplace-and-Skills/Employment-Permits/Employment-Permit-Eligibility/Highly-Skilled-Eligible-Occupations-List

76 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Winning By Design, 2020; **www.gov.ie**/en/publication/c0a29-winning-by-design

A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

@CreativeIrl
@creativeirl
@creativeireland

—

creativeireland.gov.ie

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper | Supporting responsible forestry
FSC® C164890